Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2022

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section A)

assessing

Listening

[AIR21]

WEDNESDAY 8 JUNE, MORNING

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

□ Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2022
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Tá tús curtha le scéim iompair i bparóiste na Cille i gContae Chiarraí. Chuir muintir an pharóiste tús leis an scéim an tseachtain seo caite le dul i ngleic le fadhb an uaignis faoin tuath. Is cosúil go bhfuil neart seandaoine sa cheantar nach bhfuil ábalta a dteach féin a fhágáil i rith na seachtaine agus atá ag fulaingt mar gheall ar an uaigneas. Is scéim phíolótach í a dtugtar 'Síob' uirthi.

Tá mionbhus urraithe ag comhlacht áitiúil agus tá seisear as an cheantar cláraithe chun é á thiomáint go deonach ó Luan go Déardaoin. Ní ghearrtar aon táille ar lucht úsáidte na scéime. Tugann an mionbhus síob do dhuine ar bith a chónaíonn faoin tuath go lár an bhaile idir a cúig a chlog tráthnóna agus a haon déag san oíche.

Deir riarthóirí na scéime go gcosnóidh sé beagnach deich míle euro an mionbhus a reáchtáil in aghaidh na bliana. Clúdóidh an t-airgead seo árachas, cáin bhóthair agus breosla.

Dúirt Teachta Dála áitiúil go bhfuil sé bródúil as an scéim phíolótach agus go bhfuil sé ag dul a chur tuairisce chuig an Roinn Iompair go luath ag moladh go gcuirfear an scéim ar fáil i gceantair eile thuaithe.

Mhaígh tábhairneoir áitiúil gurb iontach an cuidiú í an scéim dóibh siúd atá ina gcónaí leo féin agus nach bhfuil ábalta síob a fháil i rith na seachtaine. Dúirt sé go raibh sé ábalta imeachtaí a reáchtáil anois ina theach tábhairne tráthnóna agus neart custaiméirí istigh aige.

Dúirt bean a bhfuil ceithre scór blianta slánaithe aici gur thug an tseirbhís a saol sóisialta ar ais di. Dúirt sí gur éirigh sí cairdiúil le daoine eile ó cuireadh tús leis an tseirbhís agus nach bhfuil sí chomh huaigneach céanna.

Níl an tseirbhís ar fáil ag an deireadh seachtaine cionn is go bhfuil go leor tacsaithe ann ó Aoine go Domhnach.

Foinse: Adapted from "Kerry community piloting transport service to tackle rural isolation" by Seán Mac an tSíthigh, 13 February 2019 © RTÉ

2 Bunaíodh Cumann Iascaireachta Loch an Iúir sa bhliain naoi déag daichead a dó. Tá an cumann ag dul ó neart go neart ó shin i leith, agus tá sé iontach láidir faoi láthair agus suas le daichead ball aige. Eagraítear comórtais go rialta ar an loch agus meallann na comórtais chéanna na céadta turasóirí i rith an tsamhraidh. Bíonn na turasóirí ag stopadh i dtithe lóistín agus in óstáin sa cheantar agus cuireann siad go mór le heacnamaíocht an cheantair. Is iad na Francaigh, na Gearmánaigh agus na Spáinnigh is mó a mheallann na háiseanna iascaireachta. Is féidir le turasóirí chun na háite ceadúnas a fháil ó chisteoir an chumainn. Is féidir bád a fháil ar cíos fosta.

Is loch mór torthúil é Loch an Iúir. Tá sé ceithre chiliméadar ar fad agus ciliméadar ar leithead. Tá ceithre oileán bheaga i lár an locha. Thiocfadh leat bradán, breac donn agus breac geal a fháil sa loch. Tá cearta iascaireachta an locha ag Cumann Iascaireachta Loch an Iúir. Is daoine de mhuintir na háite iad an chuid is mó de na baill. Dúirt urlabhraí thar ceann an chumainn go bhfuil sé mar sprioc acu na héisc agus an timpeallacht a chaomhnú, agus go mothaíonn baill an chumainn freagrach as cothabháil an locha. Mar sin de, tá riail ag an chumann nach bhfuil cead ag iascaire ar bith aon iasc a mharú ach é a chur ar ais isteach sa loch an uair amháin a bheirtear air. Tá an riail seo riachtanach leis an stoc éisc a chaomhnú, dar leis an urlabhraí.

Chomh maith le haire a thabhairt do na héisc agus d'uisce an locha féin, tugann baill an chumainn aire mhaith do thimpeallacht an locha ar bhonn deonach. Tugann siad aire do na crainn agus do na plandaí ar imeall an locha. Is cosúil go bhfuil ag éirí go maith leo mar dúirt turasóir amháin as an Ghearmáin go dtugann sé cuairt ar an loch ar mhaithe le suaimhneas intinne agus na radhairc ghalánta.

D'éirigh leis an chumann deontas a fháil ar na mallaibh chun bád úr a cheannach atá fóirsteanach do dhaoine a úsáideann cathaoireacha rotha. Gach rath ar obair an chumainn!

Foinse: Arna chóiriú as 'Iascairí Loch an Iúir', Seán Ó Baoill © Meon Eile, 2019.

This is the end of the recording.